Eispéireas Foghlama:
Taiscéalaithe Teanga



Comhthéacs: Rang 2 – Céim 2

Tá an múinteoir ag cur leis an réamheolas atá ag na páistí maidir le laethanta na seachtaine i nGaeilge agus i mBéarla. Trí chur chuige ilteangach, is féidir leis an múinteoir tarraingt ar na teangacha baile atá ag na páistí sa rang chomh maith le teangacha eile. Tabharfaidh sé sin deis iontach chun laethanta na seachtaine a fhiosrú, a phlé agus a chur i gcomparáid le chéile i dteangacha éagsúla. Oibríonn na páistí i ngrúpaí chun patrúin a thabhairt faoi deara agus chun naisc a dhéanamh idir na teangacha.

Toradh/Torthaí Foghlama

Léitheoireacht: Rannpháirtíocht:
téacsanna i dteangacha éagsúla a iniúchadh.

Fóca(i)s Foghlama

Cosúlachtaí agus difríochtaí idir laethanta na seachtaine i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile a phlé.

Eispéiris Foghlama

Fiosraigh agus pléigh ainmneacha laethanta na seachtaine i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile.

Cuir laethanta na seachtaine san ord ceart do gach teanga.

Cuir i gcomparáid le chéile iad.

Measúnú agus Monatóireacht

An raibh na páistí in ann cosúlachtaí agus difríochtaí a aithint idir na teangacha?

Cad é mar a chuir na páistí laethanta na seachtaine in ord sna teangacha éagsúla?

Eispéireas Foghlama:
Taiscéalaithe Teanga

Gaeilge
Dé Luain
Dé Máirt
Dé Céadaoin
Déardaoin
Dé hAoine
Dé Sathairn
Dé Domhnaigh

Treoracha don Eispéireas Foghlama


1. Cuir laethanta na seachtaine san ord ceart do gach teanga.
2. Déan plé ar an méid a thugann tú faoi deara:

- An féidir leat na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha a aithint?
- Cad iad na patrúin a thugann tú faoi deara?

Ceisteanna Machnamhacha

Conas go ndéanfá oiriúnú ar an Eispéireas Foghlama seo chun freastal ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na bpáistí i do chomhthéacs?

Cad iad na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a bheadh ann don rang seo?



Gaeilge	**English**	**Français**	**Deutsch**
Dé Luain	Monday	lundi	Montag
Dé Máirt	Tuesday	mardi	Dienstag
Dé Céadaoin	Wednesday	mercredi	Mittwoch
Déardaoin	Thursday	jeudi	Donnerstag
Dé hAoine	Friday	vendredi	Freitag
Dé Sathairn	Saturday	samedi	Samstag
Dé Domhnaigh	Sunday	dimanche	Sonntag

Português	**Español**	**Українська**	**中人**
segunda-feira	lunes	понеділок	星期一
terça-feira	martes	вівторок	星期二
quarta-feira	miércoles	середа	星期三
quinta-feira	jueves	четвер	星期四
sexta-feira	viernes	п'ятниця	星期五
sábado	sábado	субота	星期六
domingo	domingo	неділя	星期天